**Iniúchtaí eolaíochta na bunscoile**
https://rsc.li/3fZX7NE

# Oighear fíorspéisiúil

why& how? PRIMARY SCIENCE TEACHING TRUST

ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY

# Oighear fíorspéisiúil

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

Fiosrú ar a dtarlaíonn nuair a reoitear leachtanna.





# Cuspóirí foghlama

## Tuiscint

- Táim in ann cur síos a dhéanamh ar airíonna solad, leachtanna agus gás.
- Táim in ann míniú a thabhairt ar a dtarlaíonn nuair a reonn leachtanna.

## Scileanna taighde

- Táim in ann tuartha a dhéanamh, agus ansin breathnú ar athruithe agus iad a thaifeadadh de réir mar a tharlaíonn siad le himeacht aimsire.
- Táim in ann mo thorthaí a úsáid chun tátail (conclúidí) shimplí a bhaint astu agus iad sin a chur in iúl.



# Foclóir áisiúil

- **Solad:** staid ina mbíonn toirt agus cruth cinnte ag substaint.

- **Leacht:** staid ina sreabhann substaint agus ina nglacann sí cruth a gabhdáin.

- **Gás:** staid ina bhforbraíonn substaint chun a gabhdán a líonadh.





# Foclóir áisiúil

- **Reo:** athrú staide ó leacht go solad ag teocht ar a dtugtar an reophointe.



- **Slaodach:** leacht a shreabhann go mall.

- **Tuaslagadh:** an próiseas ina measctar substaint i leacht go dtí nach bhfeictear an tsubstaint níos mó.



- **Tuaslagán:** meascán leachta le gás nó solad atá measctha go cothrom.



# Cé acu an ceann corr?  Cén fáth?



uisce




salann




taos súgartha (marla)



# Staideanna na n-ábhar



solad



leacht




gás



# Modh: tuaslagán a dhéanamh

1. Cuirigí uisce in eascra, ach fágaigí spás ag an mbarr.
2. Cuirigí 1 taespúnóg salann nó siúcra, nó 2–3 bhraon de dhathúchán bia, leis an uisce.
3. Meascaigí é.






**Cén chaoi a bhfuil a fhios agaibh gur tuaslagadh an solad?**

# Céard a tharlaíonn nuair a reoimid na leachtanna seo a leanas?



uisce



sáile nó uisce goirt



deoch shúilíneach



bainne



uisce daite



ola chócaireachta

- Céard a cheapann sibh a tharlóidh?
- Céard a chonaic sibh?
- An bhféadfadh sibh bhur dtorthaí a mhíniú?



# Céard a d'fhoghlaim sibh?

- Céard a tharlaíonn do na cáithníní i leacht íon (uisce) agus é ag éirí níos fuaire?
- Céard a tharlaíonn do na cáithníní i meascán leachta nuair a reonn sé?
- Ar thug sibh aon phatrúin faoi deara sa chaoi ar reoigh na meascáin leachta?



# Meastóireacht

Céard a cheapann sibh faoinár g**cuspóirí foghlama** inniu?

Roghnaigh cén lámh a léiríonn chomh muiníneach agus atá sibh faoinár gcuspóirí foghlama.

- Táim in ann cur síos a dhéanamh ar airíonna solad, leachtanna agus gás.
- Táim in ann míniú a thabhairt ar a dtarlaíonn nuair a reonn leachtanna.
- Táim in ann tuartha a dhéanamh, agus ansin breathnuithe a dhéanamh ar athruithe agus iad a thaifeadadh de réir mar a tharlaíonn siad le himeacht aimsire.
- Táim in ann mo thorthaí a úsáid chun tátail (conclúidí) shimplí a bhaint astu agus iad sin a chur in iúl.

Má tá sibh muiníneach faoin méid sin, sínigí cúig mhéar in airde, nó sínigí méar amháin más fearr libh an ceacht a phlé arís.





# Buíochas

Sleamhnán 2: íomhá © Valentyn Volkov/Shutterstock
Sleamhnán 4: íomhá © Emily Hills/Shutterstock
Sleamhnán 5: foinse íomhá 1: pixabay.com (ní theastaíonn admháil); íomhá 2 © Barbara Rus/Shutterstock
Sleamhnán 6: foinse íomhá 1: pixabay.com (ní theastaíonn admháil); íomhá 2 © onefox/Pixabay; íomhá 3 © ds_30/Pixabay
Sleamhnán 7: foinse na n-íomhánna: pixabay.com (ní theastaíonn admháil)
Sleamhnán 9: íomhánna 1, 2 agus 5 © Royal Society of Chemistry; íomhá 3 © GCapture/Shutterstock; foinse íomhánna 4 agus 6: pixabay.com (ní theastaíonn admháil)
Sleamhnán 11: íomhá © Prostock-studiol/Shutterstock